# Seachtain na Scoileanna Caitliceacha á Ceiliúradh sa Pharóiste

### Scoileanna Caitliceacha: An Gnáthshaol, Glaoite chun na Naofachta

Cuirtear tús le Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2026 ar an Domhnach, 18 Eanáir, An Dara Domhnach Saor. I rith na seachtaine seo aithnítear agus déantar ceiliúradh ar ionchur iontach na mbunscoileanna agus na n-iar-bhunscoileanna, maidir le misean na hEaglaise i measc phobal an chreidimh go háitiúil, agus i gcoitinne. Is ríthábhachtach an rud é mar sin go dtapóimis an deis an obair sin a cheiliúradh agus muid ag teacht le chéile mar phobal an chreidimh ag tús Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha. Ba mhaith an rud é bealaí eile a lorg ina bhféadfadh pobal an pharóiste tacaíocht agus ómós a thabhairt do phobal na scoile i rith cheiliúradh na seachtaine seo. Tá bealaí éagsúla ann ina bhféadfadh na paróistí Seachtain na Scoileanna Caitliceacha a cheiliúradh, agus tá moltaí áirithe le sonrú thíos anseo.

## An Domhnach, 18 Eanáir
## Ceiliúradh na hEocairiste don Dara Domhnach Saor

Is féidir le grúpa liotúirgeach an pharóiste, páirt a ghlacadh in ullmhú an Aifrinn seo. Spreag iad le Seachtain na Scoileanna Caitliceacha a bheith mar chuid bhunúsach de shaol an pharóiste i rith na bliana, toisc go dtugtar deis dúinn obair na scoileanna Caitliceacha sa pharóiste a cheiliúradh.

### Cruinniú a Reáchtáil

Ba cheart cruinniú a reáchtáil i gcomhar le príomhoidí agus le foirne na mbunscoileanna agus na n-iar-bhunscoileanna Caitliceacha sa pharóiste, cúpla seachtain roimh ré le plé a dhéanamh maidir leis na bealaí ab fhearr le haird a tharraingt ar obair na scoileanna éagsúla agus iad a cheiliúradh i rith an liotúirge ar an 18 Eanáir. Mura mbíonn iar-bhunscoil Chaitliceach sa pharóiste agaibh, an bhféadfadh na daltaí ó iar-bhunscoileanna taobh amuigh den pharóiste páirt a ghlacadh sa cheiliúradh? Bíodh ball de ghrúpa liotúirgeach an pharóiste i láthair ag an gcruinniú seo.

# An tAifreann

## Fáiltiú agus Míniú

Nuair a chuirtear fáilte ar chách roimh an Aifreann, ba mhaith an rud é míniú a thabhairt ar théama Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha 2026 – *Scoileanna Caitliceacha: An Gnáthshaol, Glaoite chun na Naofachta*. Tugtar míniú ar an téama ag www.catholicschools.ie.

## Mórshiúl Tosaigh

Ba mhaith an rud é mórshiúl tosaigh a bheith ann ar an Domhnach seo. D'fhéadfaí siombailí a iompar sa mhórshiúl a dhéanann cur síos ar fhéiniúlacht uathúil na scoileanna Caitliceacha éagsúla sa pharóiste. Má bhíonn ionad fógraíochta sa séipéal ina gcuirtear síos ar Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha, ba mhaith an rud é na siombailí a chur ansin i ndiaidh an mhórshiúil.

## Ceol

An bhféadfadh na daltaí is an fhoireann páirt a ghlacadh agus ceol a chur ar fáil i rith an liotúirge? D'fhéadfadh na daltaí an salm a chanadh agus Comhgháir an tSoiscéil a iontonú.

## Liotúirge an Bhriathair

Tá na léachtaí, guí an phobail 7rl., don Dara Domhnach Saor ar fáil in eagrán na Nollag/Eanáir den iris *Intercom*. Tá siad le fáil as Gaeilge san áit chéanna. Tá nótaí aithisc don Domhnach sin in eagrán mhí Eanáir den iris *The Furrow*.

Toisc gur ceiliúradh Aifreann an Domhnaigh sa pharóiste atá anseo, ba cheart go ndéanfadh pé Ministir an Bhriathair a ainmníodh don Domhnach seo, an léitheoireacht. Tugann a leithéid le fios dúinn go gcothaítear cách trí Eocairist an Domhnaigh le gur féidir linn dul ar ais abhaile agus ar scoil agus leanúint le luachanna an tsoiscéil a chraobhscaoileadh. Ba cheart go luafaí na scoileanna Caitliceacha agus a gcuid oibre i nGuí an Phobail. D'fhéadfaí ceist a chur ar an aos óg na paidreacha a chumadh agus a léamh.

## An Altóir á ullmhú agus Ofráil na mBronntanas

D'fhéadfadh ionadaithe an phobail ón scoil, ó bhaile agus ón bparóiste an altóir a ullmhú agus an fíon is an t-arán a thabhairt mar ofráil. Comhartha aitheanta a bheadh ann gur gá go mbeadh na trí ghrúpaí ag comhoibriú go dlúth lena chéile le bheith mar fhinnéithe ar luachanna an tsoiscéil, a spreagann mar bhaill na hEaglaise muid.

## Fáilteachas

D'fheilfeadh sé go mbeadh cupán tae ar fáil i ndiaidh an Aifrinn. D'fhéadfadh cumann na dtuismitheoirí agus grúpaí áitiúla comhoibriú lena chéile chuige sin.

# An Gnáthshaol, Glaoite Chun na Naofachta

**Nuachtlitir an Pharóiste**
Bí cinnte faoi Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha a phoibliú i measc an phobail leathain trí nóta a chur i nuachtlitir an pharóiste. Luaigh na himeachtaí sainiúla a bheadh beartaithe don pharóiste. Is féidir téacs mar seo a úsáid:

> Ar an Domhnach, 18 Eanáir, cuirfear tús le Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2026. Déanfar ceiliúradh i rith na seachtaine seo ar an ionchur uathúil a dhéanann na scoileanna Caitliceacha, bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna, i misean na hEaglaise i measc phobal an chreidimh go háitiúil agus san eaglais i gcoitinne. Is é téama na bliana seo ná *Scoileanna Caitliceacha: An Gnáthshaol, Glaoite chun na Naofachta*. Beidh an paróiste seo againne ag glacadh páirte trí ...

D'fhéadfadh na daltaí ó scoileanna an pharóiste an nuachtlitir a scaipeadh ag an Aifreann.

**Ionad Fógraíochta**
Téigh i gcomhar le scoileanna an pharóiste, más féidir, le clár fógraíochta a chruthú agus a chur sa séipéal a thabharfaidh léargas ar obair uathúil agus ar shainiúlacht na scoileanna éagsúla sa pharóiste.

**Bord Bainistíochta/Gobharnóirí**
Cuir Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2026 ar an gclár oibre don chéad chruinniú eile. Bain úsáid as an acmhainn don fhoireann agus do Bhord Bainistíochta/Gobharnóirí na scoileanna le machnamh a dhéanamh ar théama na bliana seo. Tá an acmhainn sin le híoslódáil ag: *www.catholicschools.ie*.

**An Chomhairle Thréadach**
Luaigh Seachtain na Scoileanna Caitliceacha leis an gcomhairle thréadach agus iarr orthu an bealach is fearr ina bhféadfaí í a cheiliúradh sa pharóiste i mbliana a rá. Tá alt dar teideal 'Catholic Schools: Building Community' le sonrú i *Share the Good News: National Directory for Catechesis* a dhéanann cur síos ar obair na scoileanna Caitliceacha agus ar an mbealach ina bhféadfaí díospóireacht a chur ar siúl faoi conas mar a d'fhéadfadh an pobal creidimh, tacú leo ar bhealach feabhsaithe.

Téadh an séiplíneach ar cuairt chuig an méid seomraí ranga agus is féidir i rith na seachtaine. Cabhróidh na hacmhainní a gcuirtear ar fáil do Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha le fócas a dhéanamh ar théamaí na laethanta éagsúla nuair a bhíonn na cuairteanna idir lámha agaibh.

Spreag na scoileanna le páirt a ghlacadh i Lá na Seantuismitheoirí ar an gCéadaoin 21 Eanáir.